Cúnamh do phaisinéirí nach bhfuil in ann gluaiseacht go héasca

Caighdeáin

Ar mhaithe le rialú a dhéanamh ar an gcúnamh a thugtar do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine nach bhfuil in ann gluaiseacht go héasca (PRM) faoi Iarscríbhinn 1 de Rialachán 1107 / 2006 in Aerfort Chiarraí, leagann an cháipéis seo amach na caighdeáin ata againn.

Ní ghearrtar aon táille ar an bpaisinéir as an tseirbhís seo a úsáid.

Baineann na caighdeáin seo leis an gcúnamh agus leis na socruithe atá riachtanach le cur ar chumas daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil in ann gluaiseacht go héasca na nithe seo a leanas a dhéanamh.

Paisinéirí atá ag eitilt amach ón aerfort:

A chur in iúl d'Aerfort Chiarraí go bhfuil siad tar éis an t-aerfort a bhaint amach agus go bhfuil cúnamh de dhíth orthu ag áiteanna speisialta
Gluaiseacht ón áit speisialta chuig deasc clárúcháin
Clárú agus bagáiste a fhágáil isteach
Gluaiseacht ón deasc clárúcháin chuig an eitleán, agus nósanna imeachta imirce, custam agus slándála a chur i gcrích
Dul ar bord an eitleáin,

Paisinéirí atá ag eitilt iseach chuig an aerfort:

Gluaiseacht ón eitleán chuig halla an bhagáiste agus bagáiste a bhailiú, agus nósanna imeachta imirce agus custam a chur i gcrích,
Gluaiseacht ó halla an bhagáiste chuig áit speisialta na bpaisinéirí nuathagtha
Gluaiseacht chuig áiseanna leithris más gá

Tá ar phaisinéirí a mbíonn cúnamh de dhíth orthu a chur in iúl don aerlíne, faoi réir oibleagáidí an Rialacháin, cé na riachtanais atá acu 48 uair an chloig roimh an eitilt

Maidir le gach ball foirne a bhíonn ag déileáil le paisinéirí faoi Rialacháin 1107 / 2006, déanfaidh siad Cúrsa Oiliúna um Fheasacht agus Comhionannas Míchumais de réir na treorach a leagtar síos i gCáipéis 30 an ECAC. Cuirfear athoiliúint ar fáil de réir mar is cuí

Sásóidh gach píosa trealaimh na treoirlínte atá leagtha síos i gCáipéis 30 an ECAC agus go háirithe, Iarscríbhinn J – Cód Iompair do Dhéileáil le daoine atá faoi mhíchumas agus le daoine nach bhfuil in ann gluaiseacht go héasca a foilsíodh mar chuid den cháipéis sin; Ní mór gach píosa trealaimh a chothabháil ionas go mbeidh sé in ord maith oibre

Is féidir le hAerfort Chiarraí cathaoir rothaí a chur ar fáil chun paisinéirí nach bhfuil trealamh dá gcuid féin acu a thabhairt chuig céimeanna an eitleáin.
Tabharfar paisinéirí PRM ar bord an eitleáin, go hinmhianaithe, roimh phaisinéirí eile agus iad ag eitilt amach ón aerfort agus ar a dteacht isteach chun an aerfoirt dóibh tabharfar ón eitleán iad nuair a bheidh gach paisinéir eile tagtha amach aisti. Féadfar eisceacht a dhéanamh i gcás go ndéantar an paisinéir a fhógairt ag an nóiméad deireanach nó i gcás go n-iarrfadh an aerlíne a leithéid go sonrach agus ar chúiseanna oibríochta agus sábháilteachta.

Paisinéirí a bhfuil réamháirithint acu agus atá ag eitilt amach ón aerfort (scéala a thabhairt don aerlíne 48 uair an chloig ar a laghad roimh ré):

Ar a dteacht chun an aerfoirt dóibh, agus an t-aerfort curtha ar an eolas go bhfuil siad tagtha:

Níor chóir go mbeadh feitheamh níos faide ná 10 nóiméad ar 80% díobh maidir le cúnamh a fháil
Níor chóir go mbeadh feitheamh níos faide ná 20 nóiméad ar 90% díobh maidir le cúnamh a fháil
Níor chóir go mbeadh feitheamh níos faide ná 30 nóiméad ar 100% díobh maidir le cúnamh a fháil

Paisinéirí nach bhfuil réamháirithint acu agus atá ag eitilt amach ón aerfort:

Ar a dteacht chun an aerfoirt dóibh, agus an t-aerfort curtha ar an eolas go bhfuil siad tagtha:

Níor chóir go mbeadh feitheamh níos faide ná 25 nóiméad ar 80% díobh maidir le cúnamh a fháil
Níor chóir go mbeadh feitheamh níos faide ná 35 nóiméad ar 90% díobh maidir le cúnamh a fháil
Níor chóir go mbeadh feitheamh níos faide ná 45 nóiméad ar 100% díobh maidir le cúnamh a fháil

Paisinéirí a bhfuil réamháirithint acu agus atá ag eitilt isteach chuig an aerfort:

Ba chóir cúnamh a bheith le fáil ar an eitleán:

ag 80% díobh laistigh de 5 nóiméad de ‘na dingeacha a chur le rothaí an eitleáin’
ag 90% díobh laistigh de 10 nóiméad
ag 100% díobh laistigh de 20 nóiméad

Paisinéirí nach bhfuil réamháirithint acu agus atá ag eitilt isteach chuig an aerfort:

Ba chóir cúnamh a bheith le fáil ar an eitleán:

ag 80% díobh laistigh de 15 nóiméad de ‘na dingeacha a chur le rothaí an eitleáin’
ag 90% díobh laistigh de 25 nóiméad
ag 100% díobh laistigh de 35 nóiméad

Baineann na hamanna sin le gnátheitiltí tráchtála agus ní bhaineann siad le heitiltí speisialta cairte.

Ciallaíonn an téarma "'na dingeacha a chur le rothaí an eitleáin'" an uair sin a nglactar leis go bhfuil an t-eitleán tar éis a áit deiridh pháircéala a bhaint amach

Sa chás nach dtugann paisinéir réamhfhógra 48 uair an chloig don aerlíne nó sa chás nach bhfaigheann soláthróir an chúnaimh réamhfhógra 36 uair an chloig ón aer-iompróir nó óna ghníomhaire nó ón eagraí turais lena mbaineann, déanfaidh Aerfort Chiarraí gach iarracht is réasúnach chun cúnamh a chur ar fáil.

Is é a chiallaíonn réamháirithint nach mór an aerlíne nó an t-eagraí turais a chur ar an eolas faoi shainriachtanais chúnaimh an PRM agus go gcuirtear an t-eolas sin ar aghaidh mar is cuí chuig solathróir seirbhíse an PRM 36 uair an chloig ar a laghad roimh am foilsithe fágála na heitilte, i scríbhinn nó go leictreonach (ríomhphost, SITA, facs, láithreán gréasáin).

Cosaint Sonraí:

Coinneofar an t-eolas seo a leanas ar comhad go ceann 18 mí ó dháta na heitilte:

Ainm an Phaisinéara,
Dáta na hEitilte,
Conair na hEitilte,
An cúnamh a bhí de dhíth.

Tá an t-eolas sin faoi réir an Achta um Chosaint Sonraí 1998 arna leasú ag an Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003 agus ní noctfar an t-eolas sin d'aon tríú páirtí neamhúdaraithe.

GEARÁIN

Má bhíonn tú míshásta leis an gcúnamh a fhaigheann tú, ba chóir gearán a dhéanamh ar an gcéad dul síos le:

Bainisteoir an Aerfoirt,
Aerfort Chiarraí,
An Fearann Fuar,
Co. Chiarraí

nó mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra a fhaigheann tú, féadfaidh tú scríobh chuig:

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,
Teach Alexandra,
Ardán Earlsfort,
Baile Átha Cliath 2.